EANGAĊ IONTAĊ

Níl léaṁ ná scríoḃaḋ ar na h-íontais úra atáṫar a' déanaṁ amaċ aċan lá. Tá eangaċ bradán déanta amaċ ag na Seapánaiġ anois, ċoṁ maiṫ le eangaċ tá caḋnra beaga tóga isteaċ ins na córdaí, agus cuireann siad amaċ macasaṁail an glaoċ an níos an bradán nuair atá sé a' scairtí ar a ċomradaí. Tarraingeóiḋ seo na bradáin isteaċ san eangaċ agus ansin, tá préaṁaċa beaga ceangailte den eangaċ agus cuireann sé amaċ, ó am go h-am, comarṫa fé leiṫ ag innseaċt cé méid bradán atá i bfastó san eangaċ. Tig leis an iascaire fanaċt go mbíonn fios aige go bfuil measarṫaċt bradán tóġta aige sula dtarraingíonn sé eangaċ isteaċ. Tá ceann de na h-eangaċa úra seo dá triall ag Caṫal Mac Gaḃann, scipéar an tráiléar 50 troiġ "Pursuit" ag iascaireaċt amaċ óna Cealla Beaga, i mbliana agus tosnóiḋ sé leis an eangaċ drifteála seo i mí na Bealtaine seo ċugainn.

Fisheries Teo., Tokyo, Seapáin, a rinne an eangaċ seo, agus tá sé costasaċ go maiṫ. Ceist ag na h-iascairí fá ċladaċ tiarṫuaiḋ na hÉireann, má ċuirtear cosc le h-eangaċa comḋéanta, cad ná ṫaoḃ naċ gcuirfí cosc lena leiṫéid seo de eangaċ? Aċ, b'ḟéidir gur taoḃ amuiġ de na teoranna farraige s'againne a ḋéanfaí an iascaireaċt, mar is féidir an eangaċ a oibriú suas le 15 míle amaċ ón ċósta.

BAILE AN SCEILG

I dtimpist brónaċ i gCill Dara maraíoḋ fear ón bparáiste seo, Míċeál Ó Sé. Ḃí sé ar an mbóṫar nuair a ḃí iomḃualaḋ idir é féin agus gluaisteán agus maraíoḋ é dá ḃárr. Bás de ṫaisme an breiṫ a ṫug an Coiste Cróinéire air.

BUA NA DRÁMAÍOĊTA

Comġáirdeaċas arís le foireann Aisteoirí Ċloiċeannaola, a ḃuaiġ an ċéad duais den dráma aon-ṁír ag Féile Drámaíoċta Uladh, in hall na caṫraċ, Ardṁaċa. "Na Poachéirí" a ċur siad ar an ardán, agus tugaḋ árd ṁolaḋ dóiḃ, agus h-ainmníoḋ iad le dul ar aġaiḋ ṫar ċeann Ċúige Uladh go dtí an Féile Náisiúnta Drámaíoċta in halla Damer, a ḃí ar siúl an tseaċtain seo. Aisteoirí Ḃaile na nGallóglaċ, in "An Fear a Ṗós Balḃán" a fuair an duais don Ġalltaċt. Agus cuireaḋ iadsan ar aġaiḋ go Baile Áṫa Cliaṫ posta. Fuair Éamonn Ó Duḃċán mar 'Dicie Duḃ' as "Na Poachéirí" an duais don aisteoir ab' ḟearr, agus Máire Bean Uí Ṁaġnuis, mar 'Gobnait' in "Beirt na Boḋaire Bréige" as Leitir Ceanainn, don ban-aisteoir ab' ḟearr. Bronnaḋ an trófaí don léiriṫeoir ab' ḟearr ar C. Ó Conluain as léiriú "Na Poachéirí" ó Ġort a' Ċoirce.

CARNA

Ba iad Máire Ní Ċáṫain, Páḋraicín Ní Ċuaṫaiġ, Nóra Ní Eoċagáin agus Ena Ní Eiḋin, an ċeaṫrar cailíní ó Ċoláiste Carna a fuair an triú áit in Éirinn i mBaile Áṫa Cliaṫ, i gcomórtas díospóireaċta mar a tuairiscíoḋ coicís ó ṡoin. Comġáirdeaċas leo féin agus lena múinteoirí a d'ullṁaiġ iad.

Cúis bróin insan ċeantar seo ar fad an scéala gur éag Séamas Mac a' Ḃáird, Inis Ní. Ċuaiġ slua mór leis an ċorp óna teaċ cónaí féin, go dtí Séipéal Naoṁ Muire Réalt na Mara. Cloċ na Rón, agus leis an soċraid go dtí reilig Goirtín. Déantar comḃrón lena ḃeanċéile, Bairbre, agus lena ḃeirt mac, Séamas, agus Colm, B.A., B.Comm. agus lena ḋearṫáir, Parṫálan, agus a ḋeirfiúraċa, Bairbre, Bean Uí Gorham, Inis Ní. Bean Labras Uí Ġrifín, Stáit Aontaiṫe agus na gaolta eile. An tAṫair Discin, Riartóir, a léiġ Aifreann Solúnta na Marḃ, ar an Luan, leis an Aṫair Ó Cinnéide. mar Deacon agus an tAṫair Ó hUigin mar fó-Deacon, agus an tAṫ. Eaton mar maor tearmanais. An tAṫ. Discin adúirt na paidreaċa ag an uaiġ.

Insan dara babṫa tournament Bord Iarṫar Peil Sóiséireaċ, Dé Doṁnaiġ, ḃuaiġ Clonbur ar Rinn Ṁaoil, ag Rinnṁaoil, 3-6 i gcoinniḃ 3-5 agus ḃuaiġ Cloċ na Rón ar Cárna, ag Cloċ na Rón. le 0-6 i gcoinniḃ 0-3.

Ċuaiġ iomlán na mbuaċaillí ó Scoil na mBráṫar, An Cloċán, an áit a bfuil Colm Mac a'Ḃáird, B.A., ag teagasc, ar soċraid a aṫara. a d'éag an tseaċtain seo caite.

B'éigin don Oifigeaċ Ceannais, an cléireaċ agus na gárdaí, deireaḋ na seaċtaine do ċaiṫeaṁ ar Inis Bó Finne, ar an aḃair go raiḃ an ḟarraige ró tóġta le teaċt treasna.

hAistríoḋ an Gárda P. Ó Maolruaiḋe, ó Corrundulla, go Mám, agus an Gárda S. Ó Baoill ó Mám go Caṫair na Gaillime.

Ṫug 20 tuairisceoirí ón Foreign Press Association i Londaoin cuairt ar Inis Bó Finne. Dé hAoine. Ag dul ón Cleagán i mbus speisialta de ċuid C.I.E. le ionadaiṫe ó Ḃord Fáilte agus ón Rialtas. Ṫug Risteard Ó Murċú ón Ċleagán, go Inis Bó Finne ,iad agus ḃí tae acu sular ḟill siad ar an Ċleagán.

Ḃí coicís an olc insan taoḃ tiar de Ċonamara, fá ċoinne loscaḋ sléiḃe. In aon seaċtain aṁáin b'éigin do Ḃriogáid Doiteán an Ċloċáin dul amaċ cúig uaire ċuig loscaḋ sléiḃe.

DEIRDRE

Is an ṁaiṫ ar fad an dréaċt atá i nDEIRDRE an Earraiġ, dár tiodal — "Dualgaisí Múinteoirí ar Pá Cailín Aimsire."

Ag cur síos ar an nGaeltaċt atá Eiblín Ní Ṁurċú insan dréaċt, agus léiríonn sí go h-éifeaċtúil an ċaoi a bfuil an náisiún, mar ḋeaḋ, ag iarraiḋ ar an Ġaeltaċt, Gaeilge a riar ar an pobal ar an ṗin is lú.

Cúrsaí teagaisc na Gaeilge atá i gceist ag an scríḃneoir, aċ tá sé fíor freisin, i gcúrsaí níos leiṫne. Ċuile rud atá ar siúl ag an Stát, in ainm a ḃeiṫ ag sáḃáil na Gaeilge, is aṁlaiḋ go bfuil siad ag iarraiḋ an gnó do ḋéanaṁ ar "cut-price." Is féidir le Roinn na Gaeltaċta, suas go dtí uasteora de £120 a ṫaḃairt fá ċoinne seomra cuartaíoċta in-san Ġaeltaċt. Is féidir le Bord Fáilte suas go dtí £1,700 ar a leiṫéid céanna do ṡeomra do ċuairteoirí. Agus mar a gcéanna, leis na faoisiṁ agus caḃair agus deontaisí eile. Is cosúil gurb é an rud a ḋeineann na Stát-Seirḃísí agus iad ag cur síos ar cúrsaí na Gaeltaċta ná, smaoiniġ ar uiṁir agus roinn ar a dó é, agus ansin, do réir ċosúlaċt, roinneann siad ar a dó arís é.

Is fíor ṁaiṫ mar a ċuireann Iníon Uí Ṁurċú síos ar an gcaoi go mbíonn, fiú aṁáin, cáirde na Gaeilge ag súil le pobal na Gaeltaċta Gaeilge a riar saor in aisce, ar pobal uile na tíre agus iad féin beo ar an ġann-ċuid.

Tréiṁseaċán an spéisiúil DEIRDRE a ṫigeas amaċ i gcionn na ráiṫe. Do na mná is fearr a ḟeileas sé, agus in eagrán an Earraiġ, tá cur-síos ar gaċ rud a ċuireas na mná spéis ann, ó na fáisiúin is déanaí go dtí cúrsaí cniotála agus fiú go dtí páipéiriú seomra.

Is maisiúil mar tá sé curṫa amaċ idir pictiúirí, cló agus scríḃinní. Píosa an speisiúil ag Risteard Ó Glaisne, ar Alan Heusasf, Briotánaċ. a ṫáiniġ go hÉirinn, in 1950, a ḃain céim amaċ in Coláiste Iolscoile Ḃaile Áṫa Cliaṫ, agus a ṗós léaċtaí ón gColáiste ansin, Bríd Ní Ḋoċartaiġ, as Dún na nGall, agus atá ag tógáil a ċúigear páistí le Gaeilge, i mBaile Áṫa Cliaṫ.

ACAILL

Cúis bróin insan Ċorrán agus mórtimpeall an scéala gur éag an Garda Aoḋ Mac Suiḃne, as an Corrán, in Ospiléal i mBaile Áṫa Cliaṫ. Ní raiḃ sé aċ 54 bliana d'aois, agus ḃí cliú mór air mar peileadóir do Acaill, sul ar ċuaiġ sé ins na Gárdaí. Nítear comḃrón lena ḋearṫáraċa, Rodaí, Proinnsias agus Stan. Ḃí sé mar ċnáiṁdroma do foireann an Ċorráin, a ċuaiġ ċoṁ fada ar aġaiḋ i gcúrsaí peil i Muiġeo tá trioċa bliain ó ṡin. Go dtugaiḋ Dia an glóir ṡiorraí dá anam.

Ḃí coirm agus caidreaṁ in onóir do Siubán Uí Ġallċoḃair, O.S., An Corrán, ar ócáid cothrom a dá breiṫe, nuair a ḃí sí bliain agus fiċe.

...Nuair a ḃí an "Ros na Cille" ag iascaireaċt amaċ ó Sáile, fuair siad comarṫa géiḃinn. Ṫug an caiptín, Tomás Mac Cillḃán an t-ordú, "díreaċ ar aġaiḋ" agus fuair siad tráiléar de ċuid na Danmairge a raiḃ an meall taréis taḃairt suas cúig ṁíle taoḃ amuiġ do ċeann Acla. Ċaiṫ siad rópa ċuig an tráiléar Danmairge, agus ṫarraing siad isteaċ go cuan an Ḟóid Ḋuiḃ í, áit a bfuilir dá cóiriú san am i láṫair. Ṫug na Danair buíoċas mór den ċriú as an ċaḃair seo a ṫaḃairt dóiḃ.

Fuair Seán Mac an Ultaiġ, O.S., Sáile, bonn, as a ḃeiṫ ar an aisteoir Béarla is fearr ag foireann Dun a' Ċorraiġ insan Féile Drámaíoċta ag Bail' an Róba.

IORRAS

Tá beirt scolairí ó Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, Aindrias Mac Feargusa agus Éamon Ó Cearḃaill, ċoṁ maiṫ le ceaṫrar ó Iolscoil Londain, ag déanaṁ staidéar ar gluaiseaċt na n-éanaċa, ag Iorras, i láṫair na h-uaire.

Comġáirdeaċas ó ċroí le Meánscoil Naoṁ Ṁuire, Béal an Ṁuirṫid, as an coirmceoil a ċur siad ar fáil i halla an Ċloċair, Dé Doṁnaiġ seo caite. Tá foirne drámaíoċta daoine fásta fríd Iorras, ag cur Béarla ċun cinn. le drámaí Béarla a ċur os coṁair an pobail, agus níorḃ é sin do na cailíní seo. Ċuir siad lráma lán-Ġaeilge ar fáil agus ba ṁór ar fad an bualaḋ bos a tugaḋ dóiḃ, ó slua an ṁór do luċt éisteaċta. Ó ṫús go deireaḋ, ba ṁór an creidiúint do na daltaí agus do na mná rialta a léiriġ an dráma. Ḃí daoine ann a ḃí ag rá roiṁré naċ mbeaḋ an slua inann iad a ṫuiscint, agus naċ mbeaḋ mórán ann, aċ bréagnaíoḋ an dá rud. Ḃí an halla lán agus ṫuig ċuile ḋuine an dráma ó ṫús go deireaḋ. Tugaḋ dá léiriú agus ḃí an halla lán don dá ceann. Táṫar ag braṫ an dráma a ṫaḃairt go Eaċléim agus go Ceaṫrú Ṫaiḋg, gan mórán moille, agus is cinnte go mbeiḋ fáilte ṁór rompa ansin.

Comġáirdeaċas leis an Aṫair Ó Cillín, Béal an Ṁuirṫid, agus Ó Neaċtáin, Beannċor Iorrais, as a ḃeiṫ piocaiṫe ar Ċoiste Iománaíoċta Ṁuiġeo.

Tá Coṁairle Conndae Ṁuiġeo le íoclann a oscailt ag Bárr na Trá. Ó ḋúin an íoclann ag Poll a tSoṁais tá tamall ó ṡin ḃí an ceantar seo ana ḟada ó doċtúir, agus tá áṫas insan ċeantar go bfuil an doċtúir ag teaċt go Bárr na Trá.

Táṫar ag feiṫeaṁ go crua le tús do ċur leis an scoil nua ag Duḃ Ṫuama. Tá an sean scoil i ndroċ ċaoi ar fad, agus tá na pleananna ann fá ċoinne scoil nua 4-ṡeomraí do tógáil.

Tá Máire Ní Ḃáiréad, taréis imeaċt ó Gaoṫ Sáile go Nua Eaḃraċ, an tseaċtain seo caite, áit a bfuil deirfiúr dí, Bríd, ag obair ċeana.

Comġáirdeaċas le Liam Ó hÉalaiġ, Bárr an Trá, a ḃuaiġ £30 in crannċur ar an Grand National. Liam Ó Conaill, Príoṁ Sráid Béal an Ṁuirṫid, a fuair an dara duais.

Ḃí ionadaiṫe i láṫair ó Beannċor, Sraiṫ, Inḃear, Cill Ṁór, agus Béal an Ṁuirṫid, in halla Ḃéal an Ṁuirṫid, le léiġ mionúr a eagrú do Iorras. Cinneaḋ ar léiġ a ṫosnú ina mbeiḋ cúig foirne de 15 ag glacaḋ páirt, agus beiḋ corn luaċmar agus boinn le fáil ag an foireann a ḃaineas agus boinn don dara foireann.

Tá iarraċt ṁór dá ḋéanaṁ le turasóirí a ṫarraingt go Iorras, fá ċoinne iascaireaċt farraige agus cósta, agus fá ċoinne ċaiṫeaṁ aimsire ciúin socair. Tá neart tiṫe insan ċeantar a ḃeaḋ inann loistéirí a ċoinneáil agus tá Bean Uí Ṁaolḃuaiġ, Coṁairleoir Tiṫe Loistín do Bantraċ na Tuaiṫe, taréis cruinniṫe do ċur ar siúl i mBéal an Ṁuirṫid, agus dul ṫart timpeall ċuig daoine atá ag coiméad lóistéirí le coṁairle a ṫaḃairt dóiḃ. Tá sí ag iarraiḋ orṫa clárú le Bord Fáilte, cé go bfuil caiġdeán árd ag tiṫe aíoċta Bord Fáilte. Tá liosta déanta de na bádaí farraige,agus tá 28 bádaí ar fáil, ar an ċósta, ó Duḃ Ṫuama go Fód Duḃ, agus ṫart timpeall ó ṫuaiḋ go Port Orlainn, agus Ceaṫrú Ṫaiḋg. San ċeantar ar fad, tá breis agus 100 míle de cósta. Ag cruinniú i mBéal an Ṁuirṫid, tugaḋ le tuiscint do na hiascairí, go bféadfaí teaċt isteaċ réasúnta maiṫ a ḃeiṫ ag na bádaí as freastal ar iascairí. Sé an gnó anois, ná na turasóirí ⁊ na hiascairí a ṫarraingt go dtí an ċeantar, agus iad a ṡásaṁ ḟad agus tá siad ansin, go dtí go dtiocfaḋ siad arais an ḃliain dár gcionn. Caḃróiḋ sé seo le luċt tiṫe ósta agus luċt bádaí, agus coṁ maiṫ leis sin, le gaċ duine sa ċeantar.

Cúis bróin sa ċeantar, bás Páḋraic Uí Ṫoċair, Druim Fód Duḃ, ag tiġ cónaí a ṁic Antoine, Ḃí sé 87 bliana d'aois agus feilméar é a raiḃ cliú air ar fud Iorrais, agus ċuile ḋuine go maiṫ dó. Tugaḋ an corp go Séipéal Fód Duḃ agus ċuaiġ an soċraid ó sin, taréis Aifreann na Marḃ, go dtí roilig na Croise, an áit ar ḋúirt an tAṫair Ó Móráḋ, na paidreaċa. Déantar comḃrón lena ḃeanċéile agus lena ċlann ṁac, Tomás agus Séamas san Astráil, Míċeál i Sasain, Páḋraic, i gCo. na Míḋe, Antoine ⁊ Liam, ag Druim, agus lena iníon Bean Ṁíċil Uí Raġallaiġ, Druim.

Ḃuaiġ Gaillimh ar Ṁuiġeo i gcomórtas na nGairmscoltaċa, ag Tuaim. Ba é T. S. Mac an tSaoir, ó Corċloċ Ṫiar, Béal an Ṁuirṫid, caiptín foireann Ṁuiġeo. Ba ṁaiṫ a d'imir Caoiṁin Labelle, mac le Páḋraic Labelle, O.S., agus Bean Uí Labelle, Béal an Ṁuirṫid, ar son Coláiste Naoṁ Naiṫí, i gcoinniḃ Coláiste Iarġlaiṫe, Tuaim, i gcraoḃ ċluiċe Ċonaċt, ag Baile Ċaṫail. Ag imirt mar leaṫ-ċúl, fuair sé níos mó ná a ċuid féin i gcoinniḃ Séamas Ó Dúgain, as Gaillimh.

Ba tobann a ṫáiniġ an bás ar Páḋraic Mac Aindriú, Fód Duḃ, tús na míosa seo. Ní raiḃ sé aċ 53 bliana do aois. Ḃí sé insan Ceaṫrú Caṫalán, mar ċaiptín, ⁊ cara fé leiṫ ab' ea é don Ginearál Ó Coisdealḃa. Tá dearṫár leis, an tAṫair Seán Mac Aindriú, ar na misiúin insan Afraic Ṫiar, agus deirfiúr leis, isea, Treasa Bean Uí Ġallċoḃair, Ceannaí, Béal an Ṁuirṫid. Ċuaiġ soċraid an ṁór leis go Caisleán an Ḃarraiġ. Deintear comḃrón lena ḃeanċéile agus lena teaġlaċ, coṁ maiṫ lena aṫair agus a ḋearṫáraċa agus deirfiúraċa.

Comġáirdeaċas le Máire Ní Ruaḋáin, iníon do Seán Ó Ruaḋáin agus a ḃean, Duḃloċ, Gaoṫ Sáile, atá taréis dul ag obair ag Muintir Ṁic a'tSaoir Teo., Béal an Ṁuirṫid, áit a bfuil deirfiúr dí, an tSiúr Regina, ins na mná rialta.

Comġáirdeas le Tomás Breaṫnaċ, mac is óige do Míċeál Breaṫnaċ, agus Bean Uí Ḃreaṫnaċ naċ maireann, Manaċ Rua, Fód Duḃ, ar éiriġ leis i scrúdú le déanaí fá ċoinne Custaim ⁊ Mal, agus atá taréis post a ḟáil i mBaile Áṫa Cliaṫ. Iarscolaire é do Coláiste Naoṁ Ṁuire, Béal an Ṁuirṫid.

SCRÍOḂNÓIRÍ ÓGA CUMASAĊ

Táimid faoi ċomaoin ag Nollaiġ Ó Gaḋra, Eagarṫóir, a ċuir cóip de "An Síol", iris na Cualaċta Gaelaiġ, i gColáiste Iolscoile Ċorcaí, ċugainn. Is breá an taḃairt amaċ eagrán na bliana seo le "An Síol" agus is íontaċ ar fad an margaḋ é ar 1s 3d. Tá dreaċt an speisiúil ar fad ar "Léaṁ na Nuaċta", ag Páḋraic Ó Gaora. Dréaċt a gcuirfiḋ luċt éisteaċta ar fud na tíre suim ar leiṫ ann. Agus ní lúide an spéis a ċuirfear san dréaċt ag Nollaiġ Ó Gaḋra féin, ar Agallaṁ a ḃí aige le Seán Ó Riada, faoi an tiodal "Ḃímse ag Seinim Ceoil." Leiṫeoireaċt éadtrom in "Ag Spáráil na bPingní" agus léiṫeoireaċt bunúsaċ in Aisling Ṁongáin, le Máire Breaṫnaċ. Tá roinnt léirṁeasta leaḃar an spéisiúil ar fad. Is comarṫa dóċais é a leiṫéid de iris a ṫeaċt amaċ ċoṁ cumasaċ ábalta, i nGaeilge ċoṁ líofa beo, ó miċléinn agus pobal óg na tíre.

CEOL

Eagrán nua de leabhar thábhachtach
SCÁLAÍ agus AIRPÉITSÍ
le Áine Nic Thighearna, F.R.I.A.M.

58 lch.		5/-
Déirín De (S.S.A.)	Breandán Ó Baoighill	1/6
Bí Meidhreach, a Bhanba (S.A.T.D.)	Proinsias Ó Ceallaigh	3/-
Casadh Cam na Feadarnaí (S.A.T.D.)	Réamonn Ó Frighil	3/-

LEABHAIR

Eagráin nua den dhá leabhar seo ar fáil anois—cló romhánach, litriú caighdeánaithe . . . .

NUA-FHILÍ	(S. Ó Céileachair)	8/6
BLÁTHA AN BHÓITHRÍN	(Seán Tóibín)	5/-

Le foilsiú go luath . . . . .

VERSTEHEN undSPRECHEN leabhar do lucht tosaithe ar an nGearmáinis
LEABHAR NA hÚRNAÍ "The Book of Common Prayer"

FOILSEACHÁIN RIALTAIS

Stuara Ard Oifig an Phoist
Baile Átha Cliath
nó ó dhíoltóirí leabhar

AN GÚM